



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Márta 2018
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0063 (COD)

7403/18
ADD 3

JAI 245
JUSTCIV 69
EF 85
EJUSTICE 18
ECOFIN 270
DRS 15
COMPET 176
EMPL 120
SOC 160
CODEC 427
IA 74

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	14 Márta 2018
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	SWD(2018) 76 final Cuid 1/2
Ábhar:	DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR Margaí tánaisteacha a fhorbairt le haghaidh iasachtaí neamhthuillmheacha trí bhaic mhíchuí ar sheirbhísiú iasachta a dhéanann tríú páirtithe agus ar aistriú iasachtaí a bhaint (Cuid 1/2) Agus Forfheidhmiú comhthaobhachta seachbhreithiúnach luathaithe (Cuid 2/2) a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le seirbhíseoirí creidmheasa, ceannaitheoirí creidmheasa agus comhthaobhacht a aisghabháil

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2018) 76 final Cuid 1/2.

Faoi iamh: SWD(2018) 76 final Cuid 1/2



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.3.2018
SWD(2018) 76 final

PART 1/2

DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN
ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

Margaí tánaisteacha a fhorbairt le haghaidh iasachtaí neamhthuillmheacha trí bhaic mhíchúí ar sheirbhísiú iasachta a dhéanann tríú páirtithe agus ar aistriú iasachtaí a bhaint (Cuid 1/2)

Agus

Forfheidhmiú comhthaobhachta seachbhreithiúnach luathaithe (Cuid 2/2)

a ghabhann leis an doiciméad

Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le seirbhíseoirí creidmheasa, ceannaitheoirí creidmheasa agus comhthaobhacht a aisghabháil

{COM(2018) 135 final} - {SWD(2018) 75 final}

Bileog Achoimre Feidhmiúcháin
Measúnú tionchair maidir le margaí tánaisteacha a fhorbairt le haghaidh iasachtaí neamhthuillmheacha trí bhaic mhíchuí ar sheirbhísí iasachta a dhéanann tríú páirtithe agus ar aistriú iasachtaí a bhaint
A. An gá le beart
Cén fáth? Cad í an fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?
Tá iasachtaí neamhthuillmheacha carntha i gcodanna áirithe d'earnáil bhaincéireachta an Aontais Eorpaigh le linn thréimhse iarmhartach na ngéarchéimeanna airgeadais agus ceannasacha agus le linn na gcúlaithe eacnamaíocha a lean iad. Déanann leibhéil arda iasachtaí neamhthuillmheacha difear do chobhsaíocht airgeadais mar go luíonn siad go trom ar bhrabúsacht agus sa deireadh ar inmharthanacht na n-institiúidí atá thíos leo agus toisc níos lú iasachtaí a bheith ar fáil ó bhainc, tá tionchar acu ar fhás eacnamaíoch. Dá thoradh sin, tá tionchar diúltach ag iasachtaí neamhthuillmheacha ar fheidhmiú an Aontais Bhaincéireachta agus ar Aontas Margaí Caipitil a chruthú araon. Chun aghaidh a thabhairt a thuilleadh ar dhúshláin leibhéil arda iasachtaí neamhthuillmheacha san Eoraip, iarrtar ar institiúidí éagsúla sa “Phlean Gníomhaíochta chun dul i ngleic le hlasachtaí Neamhthuillmheacha san Eoraip” bearta iomchuí a dhéanamh. Ar cheann dá réimsí beartais rithábachtacha tá feidhmiú na margaí tánaisteacha le haghaidh iasachtaí neamhthuillmheacha a fhorbairt agus a fheabhsú, go sonrach chun deireadh a chur le baic, is é sin baic ar iasachtaí neamhthuillmheacha a aistriú ó bhainc go dtí eintitis eile agus ceanglais maidir le seirbhíseoirí iasachtaí a shimpliú agus a chomhchuiibriú. Is é éileamh íseal, iomaíochas lag agus praghsanna tairgthe ísle ar mhargaí tánaisteacha an toradh a bhí ar rannpháirtíocht theoranta ó institiúidí neamhbhainc, rud a dhéanann bainc a dhídhreasú ó thaobh iasachtaí neamhthuillmheacha a dhíol. Gné ar leith a chuireann beaguchtach ar infheisteoirí in iasachtaí neamhthuillmheacha dul isteach sa mhargadh is ea a dheacra atá sé rochtain a fháil ar sheirbhíseoirí iasachtaí tríú páirtí, dream a bhí gann i dtéarmaí praiticiúla i mbunús Bhallstáit an Aontais go dtí le gairid agus gníomhú ar mhargaí ilroinnte.
Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?
Is an-mhór an difríocht idir na rialacha atá ag na Ballstáit éagsúla maidir le tríú páirtithe iasachtaí neamhthuillmheacha a fháil ó bhainc, agus tá rialacha acu maidir le seirbhísí seirbhísithe iasachtaí a thairiscint, rialacha a chuireann srian ar shaorghluaiseacht iasachtaí neamhthuillmheacha agus ar dheiseanna infheistíochta le haghaidh infheisteoirí as tríú tíortha. Is é an cuspóir ginearálta leis seo bonn infheisteoirí níos mó a ghiniúint trí bhacainní ar theacht isteach ar an margadh a ísliú chun éileamh ar iasachtaí neamhthuillmheacha a spreagadh, agus dá thairbhe sin a thuilleadh iomaíochais a chruthú i measc infheisteoirí. Trí chur le líon na seirbhíseoirí iasachtaí a éascú ar bhonn trasteorann, bheidís in ann leas a bhaint as barainneachtaí scála, dul in iomaíocht le haghaidh gnó trasteorann agus a gcuid seirbhísí a sholáthar ar phraghsanna níos ísle d'infheisteoirí neamhbhainc in iasachtaí neamhthuillmheacha. Dá mbeadh rannpháirtíocht níos tréine ann i measc gnólaachtaí tríú tír bheadh éifeachtaí níos mó ag an iomaíochas níos géire ar phraghsanna iasachtaí neamhthuillmheacha agus ar tháillí seirbhísithe iasachtaí. Ag an am céanna, is gá a áirithiú go gcaomhnaítear cearta iasachtaithe má aistrítear creidmheas ó bhanc go hinstiúid neamhbhainc.
Cad é an breisluach atá le beart ar leibhéal an Aontais?
Gan bearta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, leanfaidh margaí náisiúnta le haghaidh iasachtaí neamhthuillmheacha de bheith ilroinnte agus tearcfhorbartha. Cé nach gcuirfeadh creat margaidh aonair an ilroinnt go léir ar ceal, chothódh bearta an Aontais méadú ar líon na n-infheisteoirí trasteorann agus líon na seirbhíseoirí araon, ionas go ndéanfaí tuilleadh forbartha ar bhonn infheisteoirí roinnte i mBallstáit an Aontais. Is é an breisluach a bhaineann le ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais go ndéantar na Ballstáit a dhreasú chun seasamh níos gníomhaí a ghlacadh chucu féin ó thaobh bacainní rialála ar theacht isteach sa mhargadh a laghdú, cé go ndéanfaidh bearta beartais neamhchomhordaithe ar an leibhéal náisiúnta an margadh atá ann cheana a ilroinnt a thuilleadh.
B. Réitigh
Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachta a rinneadh a mheas? An bhfuil rogha tosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?
Trí thacar de phrionsabail neamhcheangailteacha chomhchoiteanna a bhunú lena ndírítear isteach ar na

bacainní is mó ar theacht isteach ar an margadh i dtíortha ina bhfuil leibhéal ard iasachtaí neamhthuillmheacha iontu, d'fhéadfaí na srianta a bhaineann le hiasachtaí neamhthuillmheacha a aistriú agus iasachtaí a sheirbhísiú sna Ballstáit a laghdú san áit is mó a bhfuil sé de dhíth, ach ní chruthódh sé margadh aonair. Ach Treoir a bheith ann lena mbeifí in ann nós imeachta an phas a úsáid, d'fhéadfadh sé cur leis an mbonn infheisteoirí le haghaidh iasachtaí neamhthuillmheacha agus leis an iomaíochas maidir le margaí a sheirbhísiú agus san am céanna bheadh na Ballstáit in ann leanúint de bheith ag rialáil sonraíochtaí náisiúnta. Is é Rialachán an rogha is fhearr a bheadh ann, rialachán ina mbeadh leabhar rialacha aonair lena bhféadfaí nós imeachta an phas a úsáid agus lena gcuimhdófaí rialacha maidir le teacht isteach sa mhargadh agus rialacha maidir le hiompar le haghaidh infheisteoirí agus seirbhíseoirí iasachtaí chun an bonn infheisteoirí a mhéadú go tapa le haghaidh iasachtaí neamhthuillmheacha agus an stoc ard iasachtaí neamhthuillmheacha atá ann faoi láthair san Aontas agus i gcuid de na Ballstáit go háirithe a laghdú. D'fhágfadh an leabhar rialacha aonair go mbeadh toradh ann a bheadh an-ghar do mhargadh aonair, ach dá dheasca sin b'fhéidir go n-éireodh sé níos costasaí teacht isteach ar an margadh sna Ballstáit sin nach bhfuil sé ródheacair dul isteach orthu faoi láthair, agus ba cheart é a fhoirmliú ar dhóigh a laghdaíonn na bacainní breise oiread agus is féidir. Ionstraim dlí cheangailteach atá sa rogha tosaíochta, ionstraim lena ndéantar rialacha maidir le dul isteach i margadh agus maidir le hiompar a chuibriú le haghaidh ceannaitheoirí agus seirbhíseoirí iasachta. An cheist maidir le cé acu ar cheart sin a dhéanamh i bhfoirm rialacháin nó teorach, beidh sé ag brath ar thosaíochtaí beartais agus cé acu ar tosaíocht é an beart is éifeachtaí a roghnú, nó beart lena dtugtar a thuilleadh saoirse maidir le lánrogha náisiúnta.

Cé a thacaíonn leis na roghanna éagsúla?

Cé go bhfuil sé deimhnithe ag tromlach mór na bhfreagraí ar an gcomhairliúchán poiblí go bhfuil méid, leachtacht agus struchtúr na margaí tánaisteacha atá ann faoi láthair le haghaidh iasachtaí neamhthuillmheacha san Aontas mar bheadh bacainn ann ar bhainistíocht agus ar réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha san Aontas agus go bhfuil tromlach ann a thacaíonn le creat Aontais le haghaidh infheisteoirí in iasachtaí neamhthuillmheacha, is mór an sciar atá ag an mionlach mar sin féin (beagnach trian). Tacaíonn tromlach mór le creat Aontais le haghaidh seirbhíseoirí iasachtaí. Níl ann ach mionlach beag a rinne agóid nó nár thug tuairim uaidh. Tá gach freagróir nach mór a thacaíonn le creat Aontais le haghaidh seirbhíseoirí iasachtaí i bhfách le córas ceadúnaithe a bheith á chumhdach ag an gcreat agus mhol beagnach leathchuid acu an mhaoirseacht orthu a rialáil faoin gcreat sin freisin. Tá roinnt ann atá i bhfách le bearta lena dtabharfar rochtain ar shonraí agus lena ndéanfar trédhearcacht sonraí a fheabhsú.

C. Tionchair rogha na tosaíochta

Cé na buntáistí a bhaineann leis na roghanna tosaíochta (más ann dóibh) nó leis na príomhroghanna?

Le gach ceann de na roghanna sin, laghdófaí na costais a bheadh ar infheisteoirí in iasachtaí neamhthuillmheacha agus ar sheirbhíseoirí iasachtaí chun teacht isteach sa mhargadh agus thabharfadh sé dreasachtaí d'infheisteoirí in iasachtaí neamhthuillmheacha a ngníomhaíocht a mhéadú chun freastal ar chodanna tearcforbartha den mhargadh san Aontas. Más amhlaidh go mbeidh infheisteoirí in iasachtaí neamhthuillmheacha agus seirbhíseoirí iasachtaí in ann gníomhú ar fud an Aontais, tiocfaidh dlús ar an iomaíochas, rud a fhágfaidh go mbeidh praghsanna tairgthe níos airde le haghaidh iasachtaí neamhthuillmheacha agus costais níos ísle le haghaidh iasachtaí a sheirbhísiú. Bainfidh seirbhíseoirí tairbhe as an acmhainneacht barainneachtaí scála a úsáid ar an margadh aonair. Ní féidir cainníochtú a dhéanamh ach ar bhonn na hiarrachta is fearr trí shonraí neamhshásúla agus modheolaíocht a úsáid inar féidir dúshlán gach céime a thabhairt. D'fhéadfaí tátal a bhaint as go mbeidh tionchar nach beag ar dhíolacháin, i.e. d'fhéadfadh méadú teacht orthu ó EUR 100 billiún in aghaidh na bliana faoi láthair don Aontas ina iomláine go dtí idir 103 agus 115 billiún tar éis bliain amháin ach sin ag brath ar an mbeartas a ghlacfar. D'fhéadfadh na bearta sin cóimheasanna a laghdú thart ar leathphointe céatadáin i roinnt Ballstáit. Ó tharla go dtugann na roghanna beartais éagsúla aghaidh ar thacar cúng gníomhaithe lena gcuimsítear an banc is díoltóir, an ceannaitheoir ionchasach, an seirbhíseoir iasachta agus an féichiúnaí deiridh, is ar na páirtithe leasmhara sin a bheidh an príomhthionchar le sonrú.

Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann dóibh, murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?

Beidh costais aon uaire ann ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta maidir le hathscríobh an dlí agus a chur chun feidhme. B'fhéidir go mbeadh ar roinnt Ballstát aghaidh a thabhairt ar mhéadú a bheith ag teacht ar éileamh nó ar iarratais ar cheadúnú ó infheisteoirí in iasachtaí neamhthuillmheacha agus/nó ó sheirbhíseoirí iasachtaí, rud as a dtiocfaidh costais níos airde riaracháin mura gcuimhdear na costais sin go

hiomlán sa táille a ghearrfar ar phróiseas an cheadúnaithe. In éagmais sonraí agus ó tharla nach bhfuil an beagán grinnithe a rinneadh ar shonraí aonchineálach, ní féidir measúnú a dhéanamh ar an gcostas. Ní mheastar go mbeidh tionchair dhíreacha ar an gcomhshaol.

Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?

Na hinfheisteoirí beaga in iasachtaí neamhthuillmheacha agus na gnólachtaí beaga seirbhísithe iasachtaí, bhainfidís leas thar a gcuid as sin mar go mbeadh meath mór coibhneasta ann ó thaobh na gcostas a bhaineann le reachtaíocht a chomhlíonadh i gcoibhneas lena gcostais iomlána. An tionchar ar FBManna a bhfuil fiachais ollmhóra acu, beidh sé ag brath ar iompar na seirbhíseoirí iasachtaí aonair. Ag brath ar an oibreoir aonair, is féidir gur mó an cuidiú a gheobhaidh siad ó sheirbhísí iasachtaí ná bainc chun teacht ar phróifíl aisíocaíochta dá gcuid iasachtaí, ach féadfaidh seirbhísí iasachta cearta iasachtaithe atá ann cheana a chur i bhfeidhm ar dhóigh níos déine ná bainc. Tríd is tríd, ba cheart go mbeadh timpeallacht fheabhsaithe le haghaidh banc chun scaradh le hiasachtaí neamhthuillmheacha óna gcláir chomhardaithe níos dearfaí d'earnáil na FBManna ina hiomláine mar go dtabharfaidh sé saoirse do bhainc iasachtú a mhéadú le cuideachtaí inmharthanacha.

An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?

Ní mheastar go mbeidh tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta ná ar údaráis riaracháin náisiúnta. D'fhéadfadh laghdú spriocdhírith na gcostas comhlíonta an t-ualach riaracháin a laghdú don earnáil phoiblí.

An mbeidh tionchair shuntasacha eile ann?

Cé nach n-athraítear an caidreamh dlí idir an féichiúnaí deiridh agus an sealbhóir fiacha nuair a aistrítear iasacht neamhthuillmheach ó bhanc go dtí infheisteoir neamhbhainc, tá tromlach mór freagróirí an chomhairliúcháin phoiblí den tuairim gur dúshlán a bheadh ann do chearta cosanta féichiúnaí atá ann cheana dá mbeadh baint ag seirbhíseoirí iasachtaí tríú páirtí leis. Ós rud é go bhfuil roinnt Ballstát ag úsáid rialacha le haghaidh seirbhíseoirí iasachtaí faoi láthair chun tomhaltóirí a chosaint i gcaidrimh creidmheasa, bheadh coimircí le haghaidh cearta iasachtaithe san áireamh freisin i gcreat Aontais, rud a bheadh úsáideach.

D. Obair leantach

Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?

Cuirfidh an Coimisiún clár ar bun le haghaidh faireachán a dhéanamh ar aschuir, ar thorthaí agus ar thionchair an tionscnaimh seo. Is sa chlár faireacháin a leagfar amach na modhanna trína mbaileofar na sonraí agus an fhianaise eile is gá. Cúig bliana tar éis dó teacht i bhfeidhm, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an tionscnamh seo ar bhonn bailiúcháin de shonraí agus de tháscairí ábhartha.